

Laoch Spóirt



Buíochas le Sportsfile

Terence McNaughton

AR SON CHÚIS AN CHAMÁIN

Le Liam de Lása

Tá an chaint sa treis le cúpla mí anuas ar fhorbairt an chluiche iomána ó thuaidh agus pleananna ar na bacáin foireann chomhtháite Uladh a chur isteach sa chraobh. Gach éinne agus a dtuairimí féin acu ag iarraidh a mba féin a chur thar abhainn, ag brath a bheag nó a mhór ar a chúlra féin. Pé tuairim atá ag an duine is maith an t-ábhar cainte a spreagann sé agus is maith fós go n-aithnítear an ghéarchéim ó thuaidh fé dheireadh.

Ní foláir ná go bhfuil tuairimí láidre ag Terence Sambo McNaughton faoin gcrosbhóthar atá buailte le díograiseoirí an chamáin ar a chuma féin i nGleannta Aontroma. Tráth den saol bheadh a leithéid de chaint ar chomhnascadh maslach agus áiféiseach ach is suntasach an t-athrú atá tagtha ar chúrsaí ó shin.

Bíodh do thuairim féin i leith na díospóireachta mar atá, is iomaí uair a luaitear ainm Sambo d'fhonn argóintí a threisiú ar an dá thaobh. Bhain sé le tréimhse órga na n-ochtóidí/tús na nóchaidí. Bhí iománaithe Aontroma ag dreapadh an dréimire go tapaigh i ngan fhios do na foirne traidisiúnta ag an am.

Níor bhuaigh sé bonn uile-Éireann sa deireadh ach dála mórán foirne iontacha cuadar an-chóngarach i 1989 nuair a bhuaill Tiobraid Árann iad i gcluiche ceannais na bliana sin.

Lá dá saol a bhí ann nuair a thugadar bata agus bóthar d'fhoireann chaithréimeach Uíbh Fhailí i gcluiche leathcheannais na hÉireann 1989. Tugann éachtaint le súil neamhchlaonta ar na leabhair staire le fios dúinn gurbh é an bua gan choinne ba mhó sa chluiche riamh é. Bhí iománaithe Aontroma tagtha ar an bhfód agus réalta dá gcuid féin acu lena chois.

Ní mór dúinn tabhairt san áireamh go raibh trioblóidí an Tuaiscirt ina dteaspach fós agus dian-iarrachtaí ar bun lucht na hiomána a bhrú fé chois.

Labhair McNaughton faoin dua a bhain le taisteal thar teorainn le fearas iomána sa chairt agus an drochbhail uafásach a cuireadh orthu ag pointí seiceála dá bharr. Chuir a leithéid de gheamaíl moill shealadach ar iománaithe Aontroma ach níor chuir sé stop lena ruathar go Páirc an Chrócaigh.

Bhaineadar sásamh as an talamh nua seo agus i bhfeabhas a bhí taispeántais McNaughton ag dul, an cosantóir ba dhéine agus ba chliste ar an bhfoireann. Fiú agus iad ag tabhairt a n-aghaidh ar na boic mhóra bhíodh na scóranna tearc ina choinne. Tugadh aitheantas pearsanta dó i 1991 nuair a bhuaigh sé gradam All-Star den chéad uair. Chríochnódh sé a laethanta imeartha le sé bhonn Uladh agus dhá chraobh shinsir 'B' buaite aige ach níorbh é an chaibidil dheireanach sa leabhar é nuair a bheartaigh sé go raibh a chuid ráite agus déanta aige ar an ngort imeartha.

Scaipeadh an tsoiscéil

D'imir sé a chluiche deireanach dá chontae i 1996 agus chuaigh sé i mbun oibre ar an soiscéal a scaipeadh go luath ina dhiaidh. Ceapadh é mar bhainisteoir ar fhoireann mhionúir Aontroma in 2004 agus chaith sé seal leis an bhfoireann faoi 21 chomh maith. Nuair a fógraíodh ag deireadh na bliana 2006 gurbh eisean an té ab oiriúnaí chun an post sinsearach a thógaint, bhí dian-eolas aige ar thobar na tallainne agus bhí cuid mhór de na himreoirí tar éis dul trína lámha cheana féin.

Sula raibh aon chaint ar chórais forbartha bhí a chóras féin á chur i bhfeidhm aige ó thuaidh. Go ciúin, dícheallach, chuaigh sé i mbun oibre ag scaipeadh shoiscéal an chluiche ársa i measc a mhuintire féin. Ba mhór an mórtas a bhraitheadar mar sin nuair a insealbhaíodh é anuraidh mar laoch aitheanta de chuid na gcluichí Gaelacha i bPáirc an Chrócaigh. Onóir a dhéanann ceiliúradh ar sheoid fir a thugann a shaol ar son chúis an chamáin.

Áirítear Terence Sambo McNaughton mar dhuine de na himreoirí ab fhearr a raibh de phribhléid againn féachaint air riamh. Aithnítear é freisin mar fhear cróga agus misniúil a thug a aghaidh ar chruatan an tsaoil agus a ghabh tríd an gcruatan céanna beag beann ar an imeagla, éagóir agus doirteadh fola a bhain le saol a linne.



Comhtháite - Combined
Díograiseoirí - Enthusiasts
Neamhchlaonta - Unbiased
Geamaíl- Capering
Sealadach - Temporary
Tearc - Scarce

Soiscéal- Gospel
Insealbhaíodh - Inducted
Seoid - Treasure
Dícheallach - Diligent
Éagóir - Injustice
Imeagla - Terror

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

H	B	E	T	L	I	A	U	B	C	A	T	T	O
H	A	L	S	S	A	O	L	A	O	A	E	I	B
C	F	A	P	H	M	T	U	T	M	S	I	T	A
A	L	L	R	C	S	L	R	N	H	B	B	I	T
S	T	N	E	A	L	F	I	O	N	L	H	A	A
A	A	F	A	L	A	E	A	A	A	M	U	R	B
T	L	F	G	S	E	A	H	L	S	I	A	U	T
N	A	E	A	A	T	B	B	H	C	R	I	A	R
U	M	A	N	M	H	H	A	C	A	I	L	T	I
S	H	R	N	I	A	A	E	H	D	A	M	H	A
A	H	A	E	U	N	S	L	M	H	U	A	A	H
N	S	S	A	L	T	M	A	A	A	T	H	R	B
A	L	U	I	O	A	R	A	E	I	D	U	A	A
F	O	I	R	N	E	R	T	N	G	M	R	R	L

FOIRNE
MASLACH
TUAIRIM
SAOL
BATA
LEABHAIR
SPREAGANN
TALAMH
NEAMHCHLAONTA
RUATHAR
SUNTASACH
LAETHANTA
BUAILTE
COMHNASCADH
FEARAS
LABHAIR
BHUAIL
FEABHAS
DUA